# Aonad Oibre Samplach 2
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D\`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF4 - Struchtúr abairte agus gramadach**<br>úsáid a bhaint as roinnt briathra san aimsir fháistineach chun caint faoi ghníomhaíocht mhata. (Úsáidfidh, Caithfidh)<br>**TF 5- Stór Focal**<br>stór focal a bhaineann le fad a úsáid, mar shampla: imlíne, fad, leithead.<br>**TF6 - Léiriú Tuisceana**<br>mo chuid tuisceana ar an nGaeilge sa cheacht Mata a léiriú (trí threoracha a leanúint srl). | **Snáithe:** Tomhais<br>**Snáithaonad:** Ag tomhas<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach<br>• tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú |

| Scileanna/Coincheapa le forbairt | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>·Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>Cumarsáid:m.sh. smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla<br>·Tuiscint agus Ceangal:m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht: m.sh. argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann abairtí bunúsacha a úsáid (TF4)? An raibh na páistí in ann stór focal oiriúnach a úsáid (TF5)? An raibh na páistí in ann treoracha gearra a leanúint (TF6)?<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach? An raibh na páistí in ann imlíne a fhiosrú, a mheas agus a thomhais?<br>**Ceistiúchán:** D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora:** D'fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí tomhais? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 2
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br>fad, milliméadar, ceintiméadair, méadar rialóir, slat méadair, roth tomhais<br>Conas a dhéanfaidh mé é seo a thomhas - milliméadair nó ceintiméadair nó méadar? Cén uirlis tomhais atá ag teastáil?<br>Déan meastachán! Tabhair buille faoi thuairim. Conas a fuair sibh an meastachán sin? Cén t-aonad méadrach a bheadh oiriúnach don tasc seo? Cén fáth? Déan an fad a thomhas anois! Cad é an difríocht idir an meastachán agus an fad?<br>oifig an phríomhoide<br>geata tosaigh<br>príomhdhoras na scoile<br>halla<br>cosán<br>clós na naíonán<br>cúirt chispheile<br>páirc pheile<br>crann/crainn<br>ceapacha bláthanna<br>pasáiste | **Gníomhaíocht Mhata (Cuid 2)**<br><br>Imlíne – an fad thart timpeall ar chruth.<br>Féach ar imlíne an chrutha seo – cad é fad na himlíne seo?<br>Déan meastachán.<br>Cén fáth go gceapann tú é sin?<br>Déanfaidh mé an imlíne a thomhas anois – an úsáidfidh mé milliméadair, ceintiméadair nó méadair?<br>An úsáidfidh mé rialóir, slat mhéadair nó roth tomhais?<br>Fad gach taobh le chéile sin 28 cm ar fad. An imlíne ná 28 cm ar fad.<br>Cad é imlíne do bhord? Déan meastachán. Déan buille faoi thuairim.<br>Déan imlíne do bhord a thomhas anois.<br>Cad é an difríocht idir do mheastachán agus do thomhas? Oibrigh amach an difríocht.<br>An fhuinneog – déan imlíne na fuinneoige a thomhas.<br>Déan meastachán ar dtús agus ansin déan é a thomhas. Líon isteach an ghreille.<br>Tosóidh an grúpa seo le bord an mhúinteora/doras an tseomra/fuinneog an tseomra/clós na scoile/cúirt chispheile na scoile<br>Cén t-aonad méadrach a bheadh oiriúnach don tasc seo? Cén fáth?<br>An bhfuil tú in ann an imlíne a mheas?<br>Conas a fuair sibh an meastachán sin? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Pháiste | Teanga an Pháiste |
|---|---|
| **Gníomhaíocht Mhata (Cuid 1)**<br><br>Úsáidfimid milliméadar/ ceintiméadair/ méadar/ rialóir/ slat méadair/ roth tomhais<br>Mo mheastachán ná ...<br>An tomhas ná ...<br>Ach bhí sé ___ ar fad.<br><br><br>deich, céad, míle<br>Mo mheastachán ná ...<br>Mo tomhas ná... | **Gníomhaíocht Mhata (Cuid 2)**<br>Úsáid milliméadair/ceintiméadair/méadair.<br>Úsáidfidh mé rialóir/slat mhéadair/roth tomhais.<br>Fad na himlíne ná 36cm is dóigh liom.<br>Is dóigh liom 36cm mar tá sé beag go leor.<br>Is dóigh liom 3m agus 50cm mar tá sé mór go leor.<br>Scríobhfaidh mé ar an ngreille é.<br>Déanfaidh mé meastachán ar dtús-Imlíne mo chóipleabhar ná 62cm is dóigh liom.<br>Déanfaidh mé é a thomhas anois.<br>An imlíne ná 68cm. Sin difríocht 6cm.<br>Tosaigh le bord an mhúinteora/ doras an tseomra/fuinneog an tseomra/clós na scoile/cúirt chispheile na scoile. |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

**Réamh-mhúineadh na teanga** (Sleamhnáin 6 & 7)

- Téigh siar ar na gníomhaíochtaí a bhain le réamh-mhúineadh na teanga ó Aonad Oibre Samplach 1 de réir mar is gá. Moltar gníomhaíochtaí comhairimh a dhéanamh ag tús gach rang matamaitice. https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/abhair-thacaiochta-do-scoileanna
- **Timpeall na scoile** (Sleamhnáin 6 & 7) Déan plé leis na páistí faoi na rudaí a fheiceann siad timpeall na scoile. Múin an foclóir seo a bhaineann le timpeallacht na scoile do na páistí ag baint úsáid as na grianghraif agus go leor athrá. Imir an cluiche meaitseála 'Timpeall na Scoile' leis na páistí chun cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir seo.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1) - Fad ó cheann scríbe go háiteanna eile timpeall na scoile a mheas agus a thomhas. Difríocht a ríomh is a léiriú.** (Sleamhnáin 8-19)

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar/thriúr. Beidh na páistí ag tarraingt plean mar ghrúpa atá ag féachaint anuas ón spéir aige de thalamh na scoile agus cuirfidh siad príomhghnéithe nó foirgnimh ar bith ar thalamh na scoile ar an bplean. **(Gnéithe: Cumarsáid, Tuiscint agus Ceangal)**
- Tabhair ceann scríbe (ceapacha bláthanna; crann/crainn; clós na ranganna sinsearacha; cosán srl.) éagsúla i dtalamh na scoile do gach grúpa. Téann gach grúpa chuig a gceann scríbe féin.
- Cuir rogha uirlisí tomhais ar fáil do na grúpaí. Roghnóidh na grúpaí an uirlis tomhais is oiriúnaí don tasc seo ag baint úsáid as an eolas ar thomhas atá foghlamtha acu sa chéad seachtain. **(Gnéithe: Cumarsáid, Tuiscint agus Ceangal)**
- Ag baint úsáid as an ngreille ar Shleamhnán 15, beidh orthu an fad a mheas agus a thomhas ón gceann scríbe go dtí na háiteanna eile atá luaite ar an ngreille.
- Déanfaidh na páistí meastacháin ar an bhfad ón gceann scríbe go dtí na háiteanna eile. Ina ngrúpaí roinneann na páistí a meastacháin agus an réasúnaíocht atá taobh thiar dóibh. Piocann siad meastachán amháin le scríobh isteach sa ghreille. Déanfaidh siad taifead ar an ngreille ar Shleamhnán a 9. **(Gnéithe: Cumarsáid/ Réasúnaíocht)**
- Ansin mar ghrúpa, tomhaiseann gach grúpa an fad ón gceann scríbe go dtí an áit eile. Oibríonn siad le chéile chun gach fad a thomhas ceann ar cheann. Arís coimeádann siad taifead ar an ngreille.
- Ar deireadh pléann na páistí na difríochtaí idir na torthaí agus na meastacháin ina ngrúpaí agus mar rang (Sleamhnán 19). **(Gnéithe:Tuiscint agus Ceangal/Cumarsáid/Réasúnaíocht/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna).** D'fhéadfaí dul siar ar an bhfoclóir agus frásaí a foghlaimíodh le linn aonad oibre samplach 1 sula dtabharfaí faoin ngníomhaíocht seo (Sleamhnáin 10 - 13). Tá roinnt acmhainní ar fáil ó shleamhnáin 14-18 chun tacú libh an comhrá matamaiticiúil a stiúradh le linn an cheachta seo.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2) - Imlíne rudaí timpeall na scoile a mheas agus a thomhas** (Sleamhnáin 20 - 27)

**Spreagadh don ghníomhaíocht mhatamaitice: Imlíne a fhiosrú** (Sleamhnáin 20 - 23) Taispeáin an físeán do na páistí agus ina dhiaidh iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt ar cad is imlíne ann. *An bhfuil aon fhocail atá ar eolas agat ann? Breac síos aon fhocail atá ar eolas agaibh nó atá tábhachtach dar leat. Cad faoi a bhfuil Múinteoir Fiachra ag caint? Meas tú cad is brí leis an bhfocal 'imlíne'?* Seans go ndéarfaidh páiste an focal 'perimeter' as Béarla. Mol an freagra agus seiceáil leis na páistí ar chuala éinne acu an focal Gaeilge don rud seo 'perimeter' (an fad timpeall an chrutha). Is féidir dul ag an Ríomhfhoclóir Mata ansin chun seiceáil an bhfuil an ceart acu go gciallaíonn imlíne-an fad thart timpeall ar chruth. (fad na líne ar imeall an chrutha). **(Gné: Tuiscint agus Ceangal)**

**Cleachtadh ar mheastachán ó bhéal a dhéanamh** (Sleamhnáin 24 & 25) Úsáid an pictiúr ar shleamhnán 24 chun comthéacs a chur os comhair na bpáistí agus abair *Tá an peann luaidhe 8 cm ar fad. Meas tú cad é fad agus leithead an leabhair? Meas tú cad í an imlíne?* Spreag na páistí chun é seo a phlé agus meastachán a dhéanamh. Seans go mbeidh na freagraí agus an plé seo as Béarla ag na páistí. Is féidir libh iad a fhreagairt as Gaeilge.

**Gníomhaíocht mhatamaitice: imlíne a mheas agus a thomhas** (Sleamhnáin 26 & 27)

- Roinn an rang i ngrúpa de cheathrar/thriúr. **(Gné: Tuiscint agus Ceangail)**
- Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag díriú ar imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas agus a thomhas.
- Mínigh céard atá i gceist le himlíne. An fad thart timpeall ar chruth.
- Múnlaigh conas imlíne a mheas is a thomhas ar rud éigin sa seomra ranga, b'fhéidir bord an pháiste.
- Fad is atá tú i mbun múnlóireachta, cuir ceisteanna ar na páistí: An bhfuil tú in ann an imlíne a mheas? Conas a fuair sibh an meastachán sin? Cén t-aonad méadrach a bheadh oiriúnach don tasc seo? Cén fáth? **(Gné: Cumarsáid)**
- Roghnaigh rudaí thart timpeall na scoile lasmuigh sa chlós agus laistigh sa seomra ranga chun a n-imlínte a mheas agus a thomhas.
- Tá greille thíos le líonadh ag na páistí agus tosaíonn gach grúpa ag rud éagsúil ionas nach bhfuil grúpaí ag cur isteach ar a chéile.
- Beidh orthu an imlíne a mheas agus a thomhas ar gach rud atá luaite ar an ngreille. **(Gné: Tuiscint agus Ceangal)**
- Beidh ar na páistí an uirlis tomhais is oiriúnaí a roghnú don tasc seo ag baint úsáid as an eolas ar thomhas atá foghlamtha acu go dtí seo. (Mar shampla, an roth tomhais, an tslat mhéadair, an rialóir).
- Ar dtús déanann na páistí meastacháin ar an imlíne. Ina ngrúpaí roinneann na páistí a meastacháin agus an réasúnaíocht atá taobh thiar dóibh. **(Gné: Réasúnaíocht)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Oide

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíocht

Úsáid Gaeilge Laethúil mar Mhúnlóireacht ar an teanga nua go rialta trid an lá.

**Féinmheasúnú an pháiste** (Sleamhnán 28) Iarr ar na páistí an leathanach féinmheasúnaithe a líonadh isteach maidir le coicís 1. Cuir ciorcal thart timpeall ar an aghaidh cuí chun do thuiscint a léiriú agus breac síos focail nó frásaí nua a d'fhoghlaim tú.
**Fadhb na Coicíse** (Sleamhnán 29) Croch an fhadhb seo ar an mballa agus fág bosca d'fhreagraí in aice leis. Tá coicís ag na páistí chun an fhadhb a réiteach. Is féidir freagraí a chur isteach sa bhosca.
**Measúnú digiteach roghnach** (Sleamhnán 30) Chun tuiscint a sheiceáil d'fhéadfaí aip cosúil le Socrative nó Kahoot a úsáid chun ceisteanna tapa a chur ar na páistí ó bhéal. Scríobhfaidh siad an freagra mar uimhir (mar shampla 20cm) agus beidh sibh in ann tuiscint na bpáistí a sheiceáil ar an toirt.
na páistí.

**Aiseolas ceartaitheach:** Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 2<br>• Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers)<br>• Uirlisí tomhais: rialóir, slat méadair, roth tomhais, miosúir | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Cluiche meaitseála faoi thimpeallacht na scoile: https://tairseachcogg.ie/GamesCorner/playGame_matchup?MatchUpGameID=85&GameValue=1<br>• Físeán faoi imlíne: https://www.youtube.com/watch?v=C0EelHYGxnw<br>• Nasc don Ríomhfhoclóir Matamaitice: https://www.rewardinglearning.org.uk/focloirmata/Default.aspx<br>• Fadhb na coicíse: https://pmc-oide.s3.eu-west-1.amazonaws.com/wp-content/uploads/2024/06/24104948/Tascanna-Oscailte.pdf<br>• Mol Churaclam matamaitice na Bunscoile Oide: https://pmc.oid |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |